II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) ÓN gCOMHAIRLE 2020/765

an 29 Bealtaine 2020

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail chun an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh a leasú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/2025 ([2]) ón gComhairle, síníodh an Prótacal chun an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh a leasú ("an Prótacal") an 20 Samhain 2019.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), foráiltear go bhfuil an tAontas lena áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus rannchuidiú le hinfhaighteacht soláthairtí bia. Foráiltear leis freisin go bhfuil an tAontas lecur chuige an réamhchúraim a chur i bhfeidhm i leith bainistiú iascaigh, agus go bhfuil sé chun a bheith mar aidhm leis a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a chothabháil os cionn leibhéil atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Ina theannta sin, foráiltear leis go bhfuil an tAontas le bearta bainistíochta agus caomhnaithe a dhéanamh ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil, le tacú le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle eolaíche, le hábhar muirí aischurtha a dhíchur de réir a chéile agus le modhanna iascaireachta a chur chun cinn a chuideoidh le hiascaireacht níos roghnaí agus le gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir, agus le hiascaireacht a bhfuil tionchar íseal aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainní iascaigh. Ina theannta sin, foráiltear go sonrach le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhfuil an tAontas leis na cuspóirí agus na prionsabail sin a chur i bhfeidhm agus a chaidreamh seachtrach iascaigh á sheoladh aige. Tá an Prótacal comhchuí leis na cuspóirí sin.

(3) Mar a luaitear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dar teideal "International ocean governance: an agenda for the future of oceans" [Rialachas idirnáisiúnta aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan], is cuid lárnach de ghníomhaíocht an Aontais bearta a chur chun cinn chun tacú agus cur le héifeachtacht na n-eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh (ERBInna) agus, i gcás inarb ábhartha, rialachas na bhfóram sin a fheabhsú. Tá an Prótacal ag teacht go hiomlán leis na haidhmeanna sin.

(4) Ba cheart an Prótacal a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh,

---

([1]) Toiliú tugtha an 13 Bealtaine 2020.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2025 an 18 Samhain 2019 ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail chun an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh a leasú (IO L 313, 4.12.2019, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Prótacal chun an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh a leasú.

Airteagal 2

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) arna chumhachtú (arna gcumhachtú) chun ionstraim formheasta an Phrótacail, dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Phrótacal, a thaisceadh thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha ([4]).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Bealtaine 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. GRLIĆ RADMAN

([4]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.